



Cáipéis Chomhairliúcháin: Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Dáta foilsithe: 4 Aibreán 2024

Spriocdháta le haghaidh freagartha: 2 Bealtaine 2024

Tá comhairliúchán sa doiciméad seo maidir le:

Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna nua atá
beartaithe lena n-áirítear:

- Cuspóirí na scéime;
- Paraiméadair na scéime; agus
- An chaoi a reáchtálfar í.

Clár Ábhar

Coimisiún na Meán	3
An Comhairliúchán	3
Conas Aighneacht a Dhéanamh	3
Foilsíú Aighneachtaí	4
1. Réamhrá	5
2. Réamhrá	5
3. Ról an Choimisiúin	6
3.1 Comhthéacs Reachtaíochta do Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	6
3.1.1 Bunú na Scéime	6
3.1.2 Sainmhíniú ar Iriseoireacht chun Leas an Phobail	7
3.1.3 Cuspóirí na Scéime	7
3.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna Maoinithe	7
4. Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	8
4.1 Iriseoireacht chun Leas an Phobail	8
4.2 Ábhar	8
4.3 Critéir Incháilitheachta	8
4.5 Rochtain Phoiblí ar Chláir Mhaoinithe	10
5. Maoiniú	10
5.1 Leithdháileadh cistí laistigh de Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	10
5.2 Cineálacha deontais	11
5.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair	11
5.4 Babhtaí Maoinithe	12
5.5 Maoiniú a Admháil	12
6. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí	12
6.1 An Próiseas Iarratais	12
6.2 An Próiseas Measúnuithe	12
6.3 An Próiseas Dámhachtana	13
7. Athbhreithniú ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	14
8. Aguisín 1 – Liosta na gCeantar Cúirte	15
9. Aguisín 2 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin	16



Coimisiún na Meán

Bunaíodh Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”), coimisiún nua na hÉireann chun craoltóirí agus na meáin ar líne a rialáil, agus chun tacú le forbairt na meán, de thoradh fhorálacha na nAchtanna Craolacháin agus Achtanna Eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022.

Tá an Coimisiún tiomanta do thírhdreach rathúil, éagsúil, sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú. Ciallaíonn sé seo meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d’fhoinsí nuachta éagsúla a bheith ann. Ciallaíonn sé seo freisin leanaí agus gach duine againn a chosaint ó ábhar díobhálach.

Déanann an Coimisiún, sa bhreis ar a fheidhm Maoinithe do na Meáin, scéimeanna maoinithe a fhorbairt agus a oibriú chun tacú le hábhar a fhorbairt do lucht féachana agus éisteachta na hÉireann atá mar léiriú agus a mhúnláíonn sochaí na hÉireann. Sa chomhthéacs seo, tá dhá (2) scéim nua iriseoireachta á bhforbairt, agus is iad:

1. Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil;
2. Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna.

An Comhairliúchán

Leagtar amach sa doiciméad comhairliúcháin seo Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna nua (“CRS”). Tá an scéim seo á bunú ar bhonn riaracháin de bhreis ar mhaoiniú atá á fháil ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Uasal Catherine Martin, T.D. Tá paraiméadair leathana na scéime bunaithe ar mholtaí Choimisiún um Thodhchaí na Meán (“FoMC”) agus obair Ghrúpa Forfheidhmithe FoMC faoi stiúir na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is é an cuspóir atá le dul i gcomhairle ar dhoiciméad na scéime ná tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil faoi chuspóirí agus paraiméadair na scéime agus faoin gcaoi a réachtálfar í. Léiríonn an doiciméad comhairliúcháin seo an scéim i seacht gcuid agus cuimsíonn sé achoimre ar na ceisteanna comhairliúcháin agus liosta de na dúichí cúirte mar seo a leanas:

1. [Réamhrá](#)
2. [Réamhrá](#)
3. [Ról an Choimisiúin](#)
4. [Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna](#)
5. [Maoiniú](#)
6. [Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí](#)
7. [Athbhreithniú ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna](#)
[Aguisín 1 – Liosta na nDúichí Cúirte](#)
[Aguisín 2 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin](#)

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí anois maidir leis an gcur chuige atá beartaithe i leith an CRS mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Beidh na haighneachtaí a gheofar mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí seo mar bhonn eolais ag cinntiú an Choimisiúin i leith na scéime deiridh.

Conas Aighneacht a Dhéanamh

Iarrann an Coimisiún ort do chuid freagraí ar na ceisteanna comhairliúcháin a chur isteach faoi **12 meán lae Déardaoin, 2 Bealtaine 2024**.

Is féidir leat do fhreagra a sheoladh ar ríomhphost chuig journalism@cnam.ie nó is féidir leat foirm a chlárú agus a chomhlánú ar líne ag: cnam.submit.com/.

Is féidir freagraí poist a chur isteach chuig:

Comhairliúchán maidir le Scéimeanna Iriseoireachta,
Coimisiún na Meán
1 Áras Shíol Bhroinn,
Bóthar Shíol Bhroinn,
Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.

Má tá aon cheist agat maidir leis an gcomhairliúchán seo, seol ríomhphost chuig journalism@cnam.ie nó cuir glaoch ar (+353) (0)1 644 1200.

Foilsíú Aighneachtaí

Foilseoidh an Coimisiún na haighneachtaí a gheofar sa chomhairliúchán seo ar www.cnam.ie tar éis doiciméad deiridh CRS a fhoilsiú agus faoi réir breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a d'fhéadfaí a mheas a bheith de chineál pearsanta, íogair nó gur tugadh i modh rúin í.

Sonraí pearsanta

Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS"), faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le príobháideacht sonraí.

Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do gach faisnéis phearsanta a chuirtear isteach a chosaint. Cheap an Coimisiún Oifigeach Cosanta Sonraí atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar an gcaoi a bpróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta i mbeartas foilsithe an Choimisiúin ag:

<https://www.bai.ie/ga/maidir-linne/raiteas-um-beartas-cosanta-sonraí/>

Don phróiseas comhairliúcháin seo, baileoidh an Coimisiún an t-ainm, an seoladh ríomhphoist agus aon fhaisnéis phearsanta eile a chuimsítear i do fhreagra. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do ríomhphost.

Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo agus ní chun críche ar bith eile.

Faisnéis rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Tabhair aon fhaisnéis rúnda in iarscríbhinn a ghabhann le haighneacht i scríbhinn nó mar cheangaltán má chuireann tú d'aighneacht isteach ar líne nó trí ríomhphost. Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena [Threoirlínte Comhairliúcháin](#) a foilsíodh ar an 28 Meitheamh 2023.

Saoráil Faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú mar fhaisnéis rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

1. Réamhrá

Tugann an chuid seo eolas cúlra ar an scéim amháin. Níl aon cheist chomhairliúcháin ag teacht chun cinn i leith na coda seo.

Mhol Tuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán gur cheart an Ciste Craolacháin, dá bhforáiltear faoi láthair faoi Chuid 10 de na hAchtanna Craolacháin agus Achtanna eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 agus a thacaíonn leis na Scéimeanna Fuaimne agus Físe agus Cartlannaithe, a iompú ina Chiste Meán chun maoiniú a sholáthar ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin d'earnáil na meán i gcoitinne. Is aidhm uileghabhálach tacú le raon scéimeanna maoinithe do Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí ar bhonn céimnithe lena n-áirítear: -

- Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil;
- Tacaíocht don Chlaochlú Digiteach;
- Scéim Tuairiscithe Nuachta;
- Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna;
- Scéim Rochtana agus Oiliúna; agus,
- Scéim na Meán Pobail.

Thug na moltaí tús áite do bhunú Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna¹. Agus moladh den sórt sin á dhéanamh aige, d'aithin Coimisiún um Thodhchaí na Meán (“FoMC”) ‘an tábhacht a bhaineann le tuairiscí cuimsitheacha agus gairmiúla ar imeachtaí cúirte ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta, lena n-áirítear cúirteanna Cróinéirí, a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Tá oiliúint agus taithí nach beag de dhíth chun tuairisciú cruinn, a chomhlíonann riachtanais dlí, a dhéanamh ar na Cúirteanna.’

Mhol an FoMC freisin gur cheart do Choimisiún na Meán Ciste na Meán a oibriú chun a chinntiú go bhfuil cinntí maoinithe neamhspleách ar an Rialtas, agus go mbunófaí Ciste na Meán ar bhonn riaracháin sula mbunófaí é go foirmiúil ar bhonn reachtúil.

I bhfianaise mholtaí seo ón FOMC, leithdháileadh €6 mhilliún i mBuiséad 2024 ar Chiste na Meán ar bhonn riaracháin, agus is iad na tosaíochtaí ná Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna agus Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil a bhunú.

Tá torthaí agus moltaí thuarascáil FoMC, taighde agus obair chomhairliúcháin a rinne an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Grúpa Oibre Forfheidhmithe FoMC mar bhonn eolais ag Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna a chuirtear i láthair thíos.

2. Réamhrá

Leagtar amach sa chuid seo an réasúnaíocht don scéim. Níl aon cheist chomhairliúcháin ag teacht chun cinn i leith na coda seo.

Is scéim tacaíochta iriseoireachta í Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna (“an Scéim”) a fheidhmíonn Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) agus a mhaoineítear trí mhaoiniú státchiste. Is é príomhchuspóir na Scéime seo tacú agus feabhas a chur ar an ról ríthábhachtach atá ag soláthraithe seirbhíse meán maidir le tuairisciú, ag iriseoirí oilte, ar imeachtaí cúirte ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm aige tacú le hiriseoirí oilte iriseoireacht ar ardchaighdeán a chruthú ar mhaithe le leas an phobail, feabhas a chur ar rochtain shaoránaigh na hÉireann ar fhaisnéis iontaoifa ar

¹ Tagair do Mholadh Tuarascála FoMC 6-5.



ardchaighdeán ar Ghnóthaí Poiblí na hÉireann trí thacú le clúdach cuimsitheach tuairiscithe cúirteanna agus trí thacú le teacht aniar earnálacha na meán nuachta. Is é seo an chéad leagan den Scéim.

Leagtar amach sa doiciméad seo príomhghnéithe na Scéime i dtéarmaí ról an Choimisiúin, na cuspóirí, na scóipe, an mhaoinithe atá ar fáil agus na bpróiseas oibríochta. Foilseoidh an Coimisiún cáipéisíocht tacaíochta d'iaratasóirí ionchasacha ar bhabhtaí maoinithe agus ar aon bhearta forbartha gaolmhara go rialta thar shaolré na Scéime.

3. Ról an Choimisiúin

Tugtar eolas sa chuid seo ar ról an Choimisiúin i gcur i bhfeidhm na Scéime agus ar ghnéithe den scéim, lena n-áirítear na cuspóirí agus sainmhíniú ar 'Iriseoireacht chun Leas an Phobail'. Tá trí (3) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don chuid seo.

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Is é an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt, agus Meán a chinnfidh an leibhéal maoinithe ar bhonn bliantúil. Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear riaradh aon scéime, nó scéimeanna, agus deontais mhaoinithe araon.

3.1 Comhthéacs Reachtaíochta do Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

3.1.1 Bunú na Scéime

Tugann Alt 7(5)(b) de na hAchtanna Craolacháin agus Achtanna eile um Rialáil na Meán 2009 agus 2022 cumhacht don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán socruithe a dhéanamh leis an gCoimisiún chun scéimeanna a chur ar bun chun tacú le 'tuairiscí cuimsitheacha agus gairmiúla ar imeachtaí cúirte a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu' ag aithint gur 'cuid lárnach dár ndaonlathas é córas na gCúirteanna'. Sa chomhthéacs sin, i mBuiséad 2024, leithdháileadh €6 mhilliún chun scéimeanna iriseoireachta a bhunú agus cinnteoidh an Coimisiún go leithdháilfear 30% ar a laghad den mhaoiniú foriomlán ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna.

Ullmhóidh an Coimisiún agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire scéim chun cistí a dheonú chun tacú le gach ceann nó le haon cheann den **iriseoireacht bhreise chun leas an phobail** seo a leanas:

- Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte áitiúla;
- Cumhdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte réigiúnacha.

Níl sé i gceist ar dtús gur chóir don Scéim tuairisciú imeachtaí na gcúirteanna níos airde a mhaoiniú (i.e. an Ard-Chúirt /an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus an Chúirt Uachtarach mar gheall ar an líon ard clúdaigh atá ar na cúirteanna níos airde seo faoi láthair).

Cuirfear an scéim i bhfeidhm de réir Rialacha Státhabhrach agus mar atá leagtha amach i gCinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar an 20 Nollaig 2011², ní leithdháilfear an maoiniú ach ar thionscadail a chuirfidh ábhar seirbhíse poiblí ar fáil a thacaíonn le hiriseoireacht chun leas an phobail d'éagsúlacht lucht féachana/éisteachta Éireannach, lena n-áirítear i nGaeilge, mar atá leagtha amach in a) agus b) thuas agus ar an gcaoi sin a chomhlíonfaidh oibleagáidí seirbhíse poiblí na scéime.

² Cinneadh maidir le Seirbhís lena n-Gabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (2012/21/AE).

3.1.2 Sainmhíniú ar Iriseoireacht chun Leas an Phobail

Is é an sainmhíniú ar Iriseoireacht chun Leas an Phobail chun críocha na Scéime seo ná *‘iriseoireacht a bhfuil mar phríomhchuspóir aici saincheistanna ar díol suntais don phobal iad a thaifeadadh, a imscrúdú agus a mhíniú, chun saoránaigh a spreagadh a bheith rannpháirteach i ndíospóireachtaí poiblí agus le bheith mar bhonn eolais ag cinnteoireacht dhaonlathach ar gach leibhéal rialtais*³.

3.1.3 Cuspóirí na Scéime

Is iad seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- **Ceartas agus an Riail an Dí:** feasacht an phobail ar riail an dlí agus riaradh an cheartais a chur chun cinn agus iriseoireacht chun leas an phobail a chruthú a chuireann an pobal ar an eolas agus a chuireann le daonlathas atá ag feidhmiú;
- **Iolracht:** cruthú iriseoireachta chun leas an phobail a spreagadh agus a mhéadú ó réimse ilghnéitheach foinsí;
- **Caighdeán:** tacú le hiriseoireacht neamhspleách chun leas an phobail ar ardchaighdeán ar Ghnóthaí Poiblí áitiúla na hÉireann atá cruinn agus cothrom;
- **An Ghaeilge:** tacú leis an iriseoireacht seo trí Ghaeilge;
- **Breisíocht:** infhaighteacht iriseoireachta chun leas an phobail atá cruinn agus cothrom a mhéadú, dá dtagraítear in imeachtaí cúirteanna áitiúla agus réigiúnacha go saoránaigh;
- **Inscne, Comhionannas, Ionchuisiú agus Éagsúlacht:** iriseoireacht chun leas an phobail a fhorbairt atá éagsúil, inrochtana, ionchuisitheach agus ionadaíoch go cuí ar Éirinn an lae inniu.
- **Na Meán Áitiúla:** earnáil meán áitiúil láidir inbhuanaithe agus comhoibriú ar fud soláthraithe seirbhíse meán agus ar fud ardán a chothú agus a spreagadh (e.g. stáisiún raidió agus nuachtán áitiúil).
- **Inbhuanaitheacht Chomhshaoil:** tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don dea-chleachtas maidir le hinbhuanaitheacht.

3.2 Cur chuige an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna Maoinithe

Agus aon scéim maoinithe á cur i bhfeidhm, glacann an Coimisiún cur chuige straitéiseach leathan maidir le cur i bhfeidhm scéimeanna den sórt sin bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

1. Struchtúir a bhunú a dhíríonn ar phríomhchuspóirí na reachtaíochta agus a chinntíonn dáileadh éifeachtach an mhaoinithe;
2. Naisc láidre a thógáil agus sásraí a bhunú le haghaidh idirphlé le hearnáil na meán agus le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí chun treochtaí sna meán agus i réimsí ábhartha a thomhas, agus chun bonn eolais a chur faoi chinntí amhail líon agus struchtúr na scéimeanna;
3. Solúbthacht a choinneáil laistigh de struchtúir scéimeanna chun riarachán agus bainistíocht éifeachtúil an chiste a chinntiú d'fhonn freagairt go héifeachtach do riachtanais earnáil na meán agus chun a chinntiú go mbainfear cuspóirí na scéimeanna amach.

³ Tagair do Mholadh Thuarascáil FoMC 6-2, leathanach 170.

Tá croíluachanna ann atá mar bhonn agus taca ag cur chuige an Choimisiúin i leith an chúraim a bhaineann le scéim a oibriú. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún le bheith:

- Cothrom – inár bpróisis, inár nósanna imeachta, agus inár gcinntí.
- Neamhspleách – ag feidhmiú mar rialtóir neamhchlaonta.
- Saineolach – trí éirí eolach trí rannpháirteachas, taighde, agus tiomantas d'fhoghlaim ghairmiúil.
- Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas, agus inár n-acmhainní.

Ceisteanna Comhairliúcháin

1. An bhfuil tú sásta leis an sainmhíniú ar Iriseoireacht chun Leas an Phobail atá á mholadh ag an gCoimisiún?

2. Cad é do bharúil faoi na cuspóirí atá beartaithe?

3. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?

4. Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Leagtar amach sa chuid seo an cur chuige maidir le hoibriú na scéime agus aithnítear an cineál iriseoireachta agus ábhair a dtacófar leo; na critéir incháilitheachta d'iaratasóirí; agus, tugtar aghaidh ar na riachtanais rochtana poiblí don ábhar a mhaoinítear go poiblí. Tá ceithre (4) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don alt seo.

4.1 Iriseoireacht chun Leas an Phobail

Is é príomhaidhm Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna tuairiscí cuimsitheacha, gairmiúla agus inrochtana don phobal ar imeachtaí cúirte a mhaoiniú. Dá laghad cásanna a thuairiscítear is ea is lú eolas atá ag an bpobal ar rialil an dlí agus is lú eolas atá acu faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil riaradh an cheartais ag feidhmiú mar ba chóir.

Tacóidh Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna le cúirteanna a thuairiscíonn iriseoireacht ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de a chomhlíonann na riachtanais, lena n-áirítear i dtéarmaí caighdeán agus infhaighteachta, lena n-áirítear le haghaidh athúsáide agus go tábhachtach, do shaoránaigh (féach Cuid 4.3 Critéir Incháilitheachta thíos).

4.2 Ábhar

Tairgeann Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna tacaíocht mhaoinithe chun iriseoireacht **bhreise** chun leas an phobail ar ardchaighdeán a chruthú ar na nithe seo a leanas:

- a) Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte áitiúla; agus/nó
- b) Cumhdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte réigiúnacha.

4.3 Critéir Incháilitheachta

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán nuachta agus cúrsaí reatha nó saoiriseoir iarratais ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna a chur isteach i gcomhpháirtíocht le soláthraí seirbhíse meán dá leithéid. Leagann na critéir incháilitheachta síos na híoschaighdeáin nach mór a bhaint amach chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú.

a) Caighdeáin den Scoth

Ní mhaoiníodh an Coimisiún ach cruthú iriseoireacht chun leas an phobail a léiríonn saineolas eagarthóireachta, cumas agus dea-theist chuí agus ballraíocht de Chomhairle Preasa na hÉireann (preasfhoilseacháin, lena n-áirítear nuachtáin chlóite agus ar líne/seirbhísí nuachta) nó a chloíonn le cóid, rialacha, caighdeáin agus Cóid Chleachtais ábhartha an Choimisiúin (seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh)) nó comhlachtaí rialála comhchosúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh de sholáthraithe seirbhíse meán.

b) Gealltanais chuig an iriseoireachta chun leas an phobail áitiúil

Beidh an Coimisiún ag súil go léireoidh iarratasóir dea-theist ar thiomantas leanúnach d'iriseoireacht chun leas an phobail áitiúil, nó plean ina leith, agus go léireoidh sé/sí bealach chun an iriseoireacht sin a dháileadh ar an lucht/na lucht féachana atá beartaithe. Sa chomhthéacs seo, is é croífhócas Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna clúdach cuimsitheach a sholáthar ar imeachtaí na gcúirteanna áitiúla agus réigiúnacha agus leithdháilfear maoiniú ar bhonn geografach. Cuirfear babhtaí maoinithe oscailte inchonspóide i bhfeidhm do gach ceann de na Limistéir Cúirte Dúiche agus Cuarda sa Stát⁴. I gcás ceantair a gcuimsítear Gaeltacht iontu, tabharfar aird ar chruthú agus ar dháileadh iriseoireacht chun leas an phobail áitiúil i nGaeilge.

c) Ar fáil saor in aisce do phobal na hÉireann

Ní mór an t-ábhar maoinithe go léir a chur ar fáil do sholáthraithe meán eile agus do phobal na hÉireann saor in aisce tráth nach déanaí ná seacht (7) lá tar éis don deontáí aon ábhar maoinithe a fhoilsiú, nó níos luaithe más mian leis an deontáí é, agus é a uaslódáil chuig mol láraithe, atá le forbairt agus le bainistiú ag an gCoimisiún. Foilseoidh an Coimisiún treoir agus cáipéisíocht tacaíochta d'úsáideoirí, lena n-áirítear na caighdeáin theicniúla agus na ceanglais maidir le hábhar a chur faoi bhráid aon mhol lárnach.

I gcásanna ina ngearrann deontáí táille ar rochtain ar ábhar ar a sheirbhís, amhail táille síntiúis nó muirear, ní mór don deontáí a chinntiú go bhfuil ábhar a mhaoiníonn an Scéim ar fáil go comhuaineach ar an tseirbhís sin saor in aisce.

d) Ar fáil saor in aisce lena n-athúsáid agus/ nó lena ndáileadh

Beidh cead ag deontáí úinéireacht agus cóipcheart a choinneáil ar ábhar maoinithe a tháirgtear mar chuid den Scéim ar feadh tréimhse seacht (7) lá amháin, agus ina dhiaidh sin ní mór an t-ábhar a uaslódáil chuig an mol lárnach agus beidh cead ag daoine ansin an t-ábhar maoinithe ar an mol a roinnt nó a úsáid faoi réir rialacha aitreabúideachta. Sa chomhthéacs sin, mar chuid de dhámhachtain mhaoinithe, beidh oibleagáid ar dheontáí ceadúnas a dhéanamh d'ábhar cruthaitheach comhroinnte atá le ceapadh ag an gCoimisiún. D'fhéadfadh riachtanais admhála a bheith san áireamh sa cheadúnas seo, mar shampla:

- ainm agus lógó fhaighteoir an deontais;
- ainm na n-údar/rannpháirtithe don ábhar seirbhíse poiblí;
- nasc inrochtana (má fhoilsítear/má chuirtear ar fáil ar líne é) leis an mbunalt; agus,
- aon ní eile is cuí dar le Coimisiún na Meán.

e) Rochtain

Beidh an t-ábhar a mhaoinítear faoin scéim mhaoinithe seo ar fáil go poiblí agus beidh sé inrochtana do chách. Áireofar sa cháipéisíocht treorach do bhabhta maoinithe sonraí maidir leis na hoibleagáid maidir le hinrochtaineacht ábhair mhaoinithe ar fud na n-ardán go léir.

⁴ Tagair don liosta in Aguisín 1.

f) Eisiaimh

Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach le ábhair iriseoireachta chun leas an phobail maoinithe a chruthú maidir le himeachtaí cúirteanna áitiúla nó réigiúnacha.
- Imeachtaí na gcúirteanna níos airde a thuairisciú (i.e. an Ard-Chúirt /an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus an Chúirt Uachtarach).
- Trealamh nó áitreabh a cheannach (maoiniú caipitiúil).
- Dímhneas.

4.5 Rochtain Phoiblí ar Chláir Mhaoinithe

Tá rochtain phoiblí ar iriseoireacht chun leas an phobail a mhaoinítear faoin scéim mar chuid de na príomhchuspóirí agus go fadtéarmach, beidh an iriseoireacht chun leas an phobail maoinithe ar fad ar fáil agus i gcartlann, i nGaeilge agus i mBéarla, agus inrochtana go poiblí do chách ar mhól / tairseach lárnach atá le forbairt agus le bainistiú ag an gCoimisiún.

San idirlinn, cuirfidh an Coimisiún an t-ábhar ar fáil ar a shuíomh gréasáin, <https://www.cnam.ie/ga/>.

Ceisteanna Comhairliúcháin

4. An aontaíonn tú leis an scóip atá beartaithe don scéim mar atá leagtha amach i gcodanna 4.1 Iriseoireacht chun Leas an Phobail agus 4.2 Ábhar?

5. An bhfuil na critéir incháilitheachta mar atá leagtha amach i gCuid 4.3 oiriúnach?

6. Ar chóir don Scéim iarratas le hiriseoir a éascú chun na nithe seo a leanas a chlúdach:

a) ceantair cúirte amháin nó ceantar cuarda amháin; nó

b) dhá chúirt dúiche nó níos mó nó dhá chúirt cuarda nó níos mó; nó

c) ceantar cúirte amháin nó níos mó agus/nó ceantar cuarda amháin nó níos mó nó meascán e.g. ceantar cúirte amháin agus ceantar cúirte cuarda amháin?

7. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?

5. Maoiniú

Sonraíonn an chuid seo an cur chuige maidir le dámhachtain mhaoinithe faoin scéim, lena n-áirítear na réimsí maoinithe a aithní de réir teorainneacha dúichí cúirte agus na cineálacha deontais. Leagann sé béim freisin ar oibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus ar an oibleagáid atá ar dheontaithe aitheantas a thabhairt d'fhoinsé an mhaoinithe. Tá dhá (2) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don alt seo.

5.1 Leithdháileadh cistí laistigh de Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Beidh dámhachtain na gcistí i gcomhréir le tuairisciú ar ábhair a bhaineann le himeachtaí cúirteanna áitiúla agus réigiúnacha ar leith ar dámhadh an conradh ina leith. Maidir leis seo, féachfaidh an Coimisiún le deontas amháin ar a laghad a leithdháileadh in aghaidh an cheantair (a bhféadfadh iarratas ar chomhlímitéir a bheith san áireamh ann) faoi réir na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach agus le linn cinneadh a dhéanamh maidir le haon mhéid deontais, tabharfar aird ar roinnt tosca, lena n-áirítear daonra, líon na ndúichí, cuarda, iolracht i bhfoinsí d'iriseoireacht chun leas an phobail agus mar sin de.



Tabharfaidh an iolracht i bhfoinsí aird ar an leibhéal foriomlán maoinithe a dhámhtar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin agus sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun teorainn a chur leis an leibhéal foriomlán maoinithe a dhámhtar ar aon soláthraí seirbhíse meán ar leith a bhfuil roinnt soláthraithe meán aige, lena n-áirítear ar fud gach ardán⁵.

5.2 Cineálacha deontais

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún an cur chuige is iomchuí a chinneadh, de réir an cháis i réimse ar leith, maidir le cistiú a leithdháileadh ar iarratasóirí ar dheontais agus beidh de rogha aige cistiú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis, ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- maoiniú do sholáthraí seirbhíse meán chun cur ar a chumas daoine atá ag obair mar shaoririseoirí a fhostú chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sholáthar;
- maoiniú do sholáthraí seirbhíse meán a chuireann ar a chumas fostaí atá ann cheana a athrú ó phatrún oibre páirtaimseartha go patrún oibre lánaimseartha chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sheachadadh;
- maoiniú do sholáthraí seirbhíse meán a chuireann ar a chumas fostaí nua a fhostú ar chonradh téarma sheasta chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sheachadadh; agus, faoi réir rogha an Choimisiúin;
- ina theannta sin, moltar go bhféadfadh daoine atá ag obair mar shaoririseoirí iarratas a dhéanamh go díreach ar mhaoiniú chun ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh. D'éileodh iarratas den sórt sin comhpháirtíocht le heagraíocht meán amháin nó níos mó, a ráthódh go bhfoilseofaí obair a tháirgeann an saoróibrí.

Éileofar faoin Scéim nach rachaidh aon chonradh fostaíochta a dhéantar idir eagraíocht meán agus iriseoir de bhun na Scéime thar thréimhse de 12 mhí.

Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoi Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna a léiríonn 100% de chostais incháilithe na hiriseoireachta beartaithe agus costais eagarthóireachta agus forchostais a bhaineann go díreach leo.

Foilseofar cáipéisíocht treorach do gach babhta maoinithe agus beidh faisnéis mhionsonraithe ann faoi leibhéil na ndámhachtainí deontais agus teimpléid bhuiséid ina leagfar amach na costais cheadaithe faoin Scéim, a chiumseoidh aird ar rátaí córa margaidh d'iriseoirí.

5.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair

Caithfidh an Coimisiún an scéim maoinithe a oibriú de réir cheanglais Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus tá Cinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (2012/21/AE) á chur i bhfeidhm acu. Áirítear ar na ceanglais chomhlíonta trédhearcacht iomlán ar nós foilsíú dámhachtainí maoinithe ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán agus an Scéim a áireamh i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain. Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá i gceannas ar an tuarascáil sin agus déanfaidh an Roinn comhordú ar fhaisnéis a thabhairt ar ais ón gCoimisiún ina leith seo.

Sa bhreis ar Airteagal 8 de Chinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta, ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a choinneáil maidir le dámhachtainí mhaoinithe don thréimhse chistiúcháin araon agus ina dhiaidh sin, ar feadh deich (10) mbliana ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur féidir le CE iniúchadh a dhéanamh ar dheontas nó ar dheontais chun a *chinneadh an bhfuil an cúiteamh a*

⁵ Tagair do Chuid 13 den Mheabhrán Tuisceana idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Coimisiún na Meán maidir le Dearadh agus Cur i bhFeidhm na Scéimeanna Tuairiscithe Daonlathas Áitiúil agus na gCúirteanna.

dheonaítear comhoiriúnach leis an gCinneadh maidir le Seirbhís lena nGabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.

5.4 Babhtáí Maoinithe

Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí úsáid a bhaint as córas babhtáí maoinithe inchonspóide. Braithfidh líon na mbabhtáí maoinithe ar raon cúinsí, lena n-áirítear infhaighteacht maoinithe agus riachtanas oibríochtúil don Choimisiún.

5.5 Maoiniú a Admháil

Ceanglaítear go conarthach ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún an tacaíocht seo a admháil go foirmiúil i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoirlínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.

Ceisteanna Comhairliúcháin

8. *Cad é do thuairim faoi na trí chatagóir deontas a bheidh ar fáil faoin scéim?*

9. *An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?*

6. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

Leagtar amach sa chuid seo an cur chuige i leith an phróisis iarratais agus measúnaithe don scéim agus aithnítear inti na príomhphrionsabail atá mar bhonn eolais ag na próisis seo. Tá ceithre (4) cheist chomhairliúcháin leagtha síos ag an gCoimisiún don chuid seo, a chuirtear i láthair ag deireadh an téacs don alt seo.

Is é an rud is tábhachtaí ag an gCoimisiún ná go bhfuil na próisis iarratais, mheasúnaithe agus dámhachtana trédhearcach, cothromasach agus indeimhnithe. D'aontaigh agus d'fheidhmigh an Coimisiún prionsabail leathana maidir leis na próisis seo ar fud scéimeanna maoinithe mar atá leagtha amach thíos. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conraitheoireacht agus eisíocaíocht a chur ar fáil go poiblí.

6.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi ghníomhaíochtaí maoinithe atá le teacht agus áireofar inti: sonraí maidir le conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, achair ama iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar a bheith cuí.

6.2 An Próiseas Measúnuithe

Tá na ceithre chéim fhéideartha seo a leanas mar chuid de phróiseas measúnaithe de Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna:

6.2.1 Réamh-Mheastóireacht

Is é cuspóir na réamh-mheastóireachta a chinntiú go bhfuil iarratasóir incháilithe do mhaoiniú faoin scéim. Is é an fócas anseo ná a chinntiú gur comhlíonadh critéir íosta agus gur cuireadh an cháipéisíocht riachtanach ar fad isteach. Tá aon iarratais nach n-éiríonn leo ag céim na réamh-mheastóireachta dícháilithe agus níl dhéanfar iad a mheas a thuilleadh.

6.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe atá leagtha amach i gcáipéisíocht teorach an Choimisiúin a fhoilsítear chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí ionchasacha agus iarratas á dhéanamh acu ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna.

6.2.3 Measúnú Straitéiseach

Sna cásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilithe ná maoiniú ar fáil, beidh céim mheasúnaithe eile ag an gCoimisiún. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a aimsiú sa phacáiste foriomlán de thionscadail mhaoinithe thar gach dúiche agus cuaird chúirte i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Breathnófar anseo freisin ar na moltaí ón gcéim cáilíochtúil. Cuirfear na moltaí deireanacha faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

6.2.4 Daingniú Foirmiúil

Sa chéim dheiridh déanann Coimisiún na Meán daingniú ar phacáiste foriomlán na n-iarratas a mholtar le haghaidh maoinithe agus áirítear leis sin aird ar chuspóirí an bhabhta maoinithe a chomhlíonadh.

6.3 An Próiseas Dámhachtana

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

- i. Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, ina leagtar amach aon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.
- ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
- iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leis/léi a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint mhaoinithe agus le haon choinníoll/choinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
- iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí a shonróidh an Coimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag iarratasóir.

Riarann an Coimisiún cistí de réir théarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh. Sa chás inar dhiúltaigh an Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ar bhonn aonair agus tugtar faisnéis dóibh maidir leis an gcaoi ar éirigh lena n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Forbróidh an Coimisiún córas caighdeánaithe pointí chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar iarratais agus faoin aiseolas a thugtar d'iarratasóir.

Ceisteanna Comhairliúcháin

10. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe don phróiseas iarratais?
11. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?
12. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?
13. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?



7. Athbhreithniú ar Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Mar a dhéantar soláthar di faoi Thuarascáil FoMC, tá Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna á bunú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse tosaigh dhá mhí dhéag (12) agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar na Scéime ar chríochnú na céime píolótaí seo agus tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn don Aire ar an athbhreithniú.

Beidh an mheastóireacht seo ar an scéim píolótach mar bhonn eolais ag forbairt beartais ar leaganacha den Scéim amach anseo.

Ceist Chomhairliúcháin Dheiridh

14. An bhfuil aon aiseolas eile ar an scéim atá beartaithe ba mhaith leat a chur isteach?



8. Aguisín 1 – Liosta na gCeantar Cúirte

Uimhir Dhúiche	Ceantar	Réigiún Gaeltachta
1	Contae Dhún na nGall	Tá
2	Contaetha Liatroma, Dhún na nGall agus Shligigh	Tá
3	Contae Mhaigh Eo	
4	Contaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin	Tá
5	Contaetha an Chabháin agus Mhuineacháin	
6	Contae Lú	
7	Contae na Gaillimhe	Tá
8	Contae Thiobraid Árann	
9	Contaetha an Longfoirt agus na hIarmhí	
10	Contaetha Lú agus na Mí	Tá
12	Contaetha an Chláir agus na Gaillimhe	
13	Contae Luimnigh	
15	Contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí	
16	Contae Chill Mhantáin	
17	Contae Chiarraí	Tá
18	Contae Chorcaí	Tá
19	Cathair Chorcaí	Tá
20	Contae Chorcaí	
21	Contaetha Chorcaí, Thiobraid Árann agus Phort Láirge	Tá
22	Contaetha Cheatharlach agus Chill Chainnigh	
23	Contae Loch Garman	
24	Cathair Phort Láirge	
25	Contae Chill Dara	
--	Contae Bhaile Átha Cliath	

Cúirt Chuarda	Ceantar	Réigiún Gaeltachta
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath (Contaebhuirg agus Contae)	
Corcaigh	Corcaigh (Cathair agus Contae)	Tá
Cuaird Oirthir	Contaetha Chill Dara, na Mí, Lú, Chill Mhantáin	Tá
Cuaird Lár Tíre	Contaetha Laoise, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Shligigh, na hIarmhí	
Cuaird an Tuaiscirt	Contaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Mhuineacháin	Tá
Cuaird an Oirdheiscirt	Contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman	Tá
Cuaird an Iar-Dheiscirt	Contaetha an Chláir, Chiarraí, Luimnigh	Tá
Cuaird an Iarthair	Contaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo	Tá



9. Aguisín 2 – Achoimre ar Cheisteanna Comhairliúcháin

Cuid	Ceisteanna Comhairliúcháin
Ról an Choimisiúin	<p>1. An bhfuil tú sásta leis an sainmhíniú ar Iriseoireacht chun Leas an Phobail atá á mholadh ag an gCoimisiún?</p> <p>2. Cad é do bharúil faoi na cuspóirí atá beartaithe?</p> <p>3. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?</p>
Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	<p>4. Cad é an tuairim atá agat faoin scóip atá beartaithe don scéim mar atá leagtha amach i gcodanna 4.1 Iriseoireacht chun Leas an Phobail agus 4.2 Ábhar?</p> <p>5. An bhfuil na critéir incháilitheachta mar atá leagtha amach i gCuid 4.3 oiriúnach?</p> <p>6. Ar chóir don scéim iarratas le hiriseoir a éascú chun na nithe seo a leanas a chlúdach:</p> <p>a) ceantair cúirte amháin nó ceantar cuarda amháin; nó</p> <p>b) dhá chúirt dúiche nó níos mó nó dhá chúirt chuarda nó níos mó; nó</p> <p>c) ceantar cúirte amháin nó níos mó agus/nó ceantar cuarda amháin nó níos mó nó meascán e.g. ceantar cúirte amháin agus ceantar cúirte cuarda amháin?</p> <p>7. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?</p>
Maoiniú	<p>8. Cad é do thuairim faoi na cineálacha deontas a bheidh ar fáil faoin scéim ?</p> <p>9. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, mínigh le do thoil?</p>
Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí	<p>10. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe don phróiseas iarratais?</p> <p>11. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?</p> <p>12. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige atá beartaithe maidir le measúnú agus dámhachtainí?</p> <p>13. An bhfuil aon athruithe nó breisithe ar leith ba chóir a mheas, agus má tá, ar mhiste leat iad a mhíniú?</p>
Iomlán	<p>14. An bhfuil aon aiseolas eile ar an scéim atá beartaithe ba mhaith leat a chur isteach?</p>

